


Gníomhaíocht Daltaí: Codáin a chur i gcomparáid


Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Codáin i gComparáid', ar CD an Dalta.

- Léirigh na codáin thíos ar na péirí uimhirlínte a tugadh, agus i ngach cás abair cé acu codán is mó.


a. $\frac{1}{4}$ agus $\frac{1}{8}$




b. $\frac{7}{8}$ agus $\frac{9}{10}$



c. $\frac{3}{4}$ agus $\frac{5}{6}$



d. $\frac{7}{8}$ agus $\frac{5}{6}$



- Cén coibhneas a bhíonn idir an t-uimhreoir agus an t-ainmneoir i gcás ceartchodáin, codán atá níos lú ná 1?


- Cén coibhneas a bhíonn idir an t-uimhreoir agus an t-ainmneoir i gcás leaschodáin, codán atá níos mó ná 1?

- An bhfuil an codán $\frac{4}{6} = \frac{2}{3}$? Míneigh.

5. Cé acu ab fhearr, $2\frac{2}{3}$ nó $2\frac{5}{6}$ agus suim airgid i gceist? Míneigh do fhreagra.

6. Liostaigh 4 chodán atá coibhéiseach le (ar aon luach le) $\frac{1}{4}$.

7. Má tá 2 chodán ar uimhirlínite ar leith, cén chaoi a mbeadh a fhios agat gur chodáin choibhéiseacha iad? Léirigh do fhreagra le samplaí ar an dá uimhirlíne thíos.



8. Thug mé $\frac{7}{8}$ de bharr seacláide d'Eoin. Thug mé an méid céanna seacláide do Rút, as barra seacláide 16 chearnóg. Cé mhéad cearnóg sheacláide a fuair Rút?

9. Fuair Alan 7 as 12 i scrúdú agus fuair Marcas 10 as 15 i scrúdú eile. Ar chruthaigh siad beirt chomh maith lena chéile, tharla go raibh 5 cheist mícheart acu beirt sna scrúduithe? Míneigh do fhreagra.

10. Tá beirt dhalta le feisteas nua éadaigh a cheannach. €40 a chosnaíonn an feisteas atá roghnaithe ag Mairéad, agus tá €22 den chostas coigilte aici cheana féin. Costas €50 atá ar an bhfeisteas atá roghnaithe ag Éadaoin, agus tá €25 den chostas coigilte aici.

a. Cén codán de chostas a feistis atá coigilte ag Mairéad?

b. Cén codán de chostas a feistis atá coigilte ag Éadaoin?

c. Cé acu dalta a bhfuil an codán is airde de chostas a feistis nua coigilte aici?

Míneigh. _____

d. Má choiglíonn siad beirt an méid céanna airgid gach seachtain as seo amach, cé acu is tuisce a bheidh in ann a feisteas nua a cheannach? Míneigh.
